**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000048/2023**
**ar an gComhairle**
Riail 136
**Pascal Canfin**, **Lídia Pereira**, **Mohammed Chahim**, **Martin Hojsík**, **Pär Holmgren**, **Catherine Griset**, **Silvia Modig**
thar ceann an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Ábhar: Comhdháil 2023 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide in Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (COP28)

Chun toradh COP28 a áirithiú lena gcuirfear an clár oibre chun cinn go suntasach ó thaobh maolú, oiriúnú, maoiniú agus caillteanas agus damáiste de, ní mór don Aontas feabhas a chur ar a thaidhleoireacht aeráide, an bealach a réiteach do COP28 agus dea-shampla a thabhairt. Cad atá á dhéanamh ag an gComhairle chun a áirithiú go ndéanfar dul chun cinn suntasach le linn Chomhdháil COP28 maidir leis an Athrú Aeráide in Dubai i ndáil leis an méid seo a leanas:

1. an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an gcéad stocáirimh dhomhanda chun feabhas a chur ar uaillmhian fhoriomlán na gníomhaíochta aeráide agus sprioc fhoriomlán Pháras a bhaint amach; an tsaoráid maidir le maoiniú an chaillteanais agus an damáiste a oibríochtú; a áirithiú go ndéantar próiseas cinnteoireachta Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide a chosaint ar leasanna atá contrártha le spriocanna Chomhaontú Pháras; an Gealltanas Domhanda maidir le Meatán a chur chun feidhme trí ghníomhaíocht nithiúil chuimsitheach chun astaíochtaí meatáin a laghdú;

2. a áirithiú go nglacfaidh na mór-astaitheoirí uile a gcion cothrom na freagrachta le haghaidh gealltanais aeráide agus ranníocaíochtaí airgeadais;

3. dlús a chur le húsáid an fhuinnimh in-athnuaite ar leibhéal domhanda agus deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise?

Curtha síos: 26.10.2023

Spriocdháta i gcomhair freagra: 27.1.2024